

Mapáil Fuaim Faoin Aer

Aois: 6+

Am: 20 nóiméad

Ábhair:

- Cárta A5 agus peann luaidhe (cárta an duine)
- Géaraitheoir peann luaidhe
- Spás ciúin faoin aer

Is gníomhaíocht í seo a chuireann aon ghrúpa ar a shuaimhneas agus a ligeann dóibh a aird a dhiriú ar an dúlra, rud a chuireann ar a gcumas a bheith i ndúlra. Bíonn tionchar dearfach buan ar scileanna breathnóireachta agus daltaí amuigh faoin aer.

Treoracha:

- Lasmuigh (ar thalamh na scoile nó i bpáirc áitiúil), iarr ar gach rannpháirtí áit a roghnú chun suí nó seasamh inti, ar a laghad méadar amháin ón duine in aice leo, ach laistigh de theorainn shábháilte shonraithe.
- Abair leis an ngrúpa go mbeidh siad ag tástáil 'sárchumhachtaí a gcluasa'!!

Míniú an ghníomhaíocht: Tarraingeofar na rudaí a chloiseann siad nó scríobhtar siad iad síos; marcálfar ar chártaí A5 an áit ina chloistear an fhuaim. Tosnaítear le ciorcal a tharraingt i lár an chárta, ag léiriú do suíomh féin. Ansin, líontar isteach an fhuaim san áit a gcloistear í agus na daltaí ag bogadh i dtreo ciorcalach- mar shampla, má chloistear rud éigin ar taobh deas, tarraingítear é ar dheis an chiorcail; má chloistear rud éigin os comhair amach, tarraingítear é ag barr an chárta, os cionn an chiorcail. Léirigí an próiseas seo trí sheasamh os comhair na ndaltaí agus do chárta féin a líonadh isteach agus tú ag míniú.

Mapáil Fuaime Faoin Aer

- Ní gá go mbeadh mionshonraí sna líoníochtaí; díritear ar an éisteacht, mar shampla, má chloistear uisce ag sruthlú, spreagaigí na daltaí chun siombail tonnach a tharraingt; nó nóta ceoil na n-éan; nó duilleog shimplí agus mar sin de. Nó go díreach, is féidir an focal a scríobh.
- Má bhíonn tú ag obair le grúpa óg, d'fhéadfá iad a cheistiú faoi na rudaí a mbeidís ag súil lena gcloisteáil. Nó d'fhéadfá cúpla moladh a thabhairt dóibh ar dtús faoi rudaí ar cheart dóibh a bheith ag éisteacht leo: an ghaoth, duilleoga ag cogarnaíl, uisce ag sileadh, éin ag canadh, gluaisteáin ag dul thart, agus mar sin de.
- Ag tosú: Tabhair píosa cárta (A5) agus peann luaidhe do gach rannpháirtí. Iarr orthu ciorcal beag a tharraingt sa lár chun iad féin a léiriú, agus tús a chur leis an 'léarscáil fuaime' a líonadh isteach.
- Má bhíonn an grúpa ar bís chun tosú, mínigh go mbeidh orthu a bheith ciúin marr ní oibreoidh an ghníomhaíocht mura bhfuil ciúnas uathu.
- Tabhair go leor ama dóibh socrú isteach sa ghníomh. De ghnáth, tagann ciúnas orthu – tá seans go gcuirfidh sé iontas ort cé chomh ciúin a éiríonn siad.
- Nuair a cheapann tú go bhfuil dóthain ama caite acu (de ghnáth gan dul thar 5 nóiméad), is féidir le gach duine bailiú le chéile i gcorcal agus rud éigin speisialta a thug siad faoi deara a roinnt.



Mapáil Fuaim Faoin Aer

Tuilleadh:

- Tá an cleachtadh seo an-oiriúnach don ghníomhaíocht aitheantais ar amhráin éan, a dhéantar sa seomra ranga. Tá sé le fáil ar shuíomh gréasáin Green-Schools, faoin rannán acmhainní bithéagsúlachta (féach ar an nasc thíos).
- I gcás grúpaí níos sine (8 mbliana d'aois nó níos sine), d'fhéadfá an ghníomhaíocht seo a leanúint le 'Gníomhaíocht Ghréasán na Beatha' (Web of Life Activity); tá an ceann sin le fáil ar shuíomh gréasáin Green-Schools freisin, faoin rannán acmhainní bithéagsúlachta www.greenschoolsireland.org/

